**Na Meáin Ghaeilge**

I measc fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá foráil a leagann dualgais reachtúla nua ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an gcaoi a ndéanann siad cumarsáid leis an bpobal i dteangacha oifigiúla an Stáit. Tiocfaidh an fhoráil seo – alt 10A. – i bhfeidhm ar an 10 Deireadh Fómhair, 2022.

| |
|---|
| *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021*<br>**10A.** (1) Cinnteoidh comhlacht poiblí— (a) gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht in aon bhliain, agus (b) gur i nGaeilge ar na meáin Ghaeilge a bheidh 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht in aon bhliain.<br>(2) San alt seo— ciallaíonn 'fógraíocht'— (a) cumarsáid tráchtála d'aon chineál a bhfuil d'aidhm léi, nó a bhfuil d'éifeacht léi, go díreach nó go neamhdhíreach, táirge nó seirbhís de chuid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann a chur chun cinn, agus (b) cumarsáid d'aon chineál leis an bpobal, i leith na nithe seo a leanas—<br>(i) foireann a earcú,<br>(ii) tionscnaimh reachtaíochta nó bheartais,<br>(iii) talamh nó sócmhainní a cheannach nó a dhíol,<br>(iv) seirbhísí a sholáthar, nó<br>(v) comhchomhairliúchán poiblí;<br>ciallaíonn "meáin Ghaeilge" aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d'ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge. |

**Caiteachas ar na Meáin Ghaeilge**

Ní mór 5% ar a laghad de bhuiséad bliantúil fógraíochta gach comhlachta poiblí a chaitheamh ar fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin Ghaeilge de bhun alt 10A.(1)(b) den Acht leasaithe. Tugtar an sainmhíniú reachtúil seo a leanas ar na Meáin Ghaeilge chomh maith*: 'Ciallaíonn "meáin Ghaeilge" aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d'ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge*.'

**Comhairle**

Leagtar síos in alt 21(e) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, go bhfuil i measc fheidhmeanna an Choimisinéara Teanga: *'Comhairle nó cúnamh eile a sholáthar, de réir mar is cuí leis nó léi, do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht seo.'*

Le linn na seisiún comhairliúcháin do chomhlachtaí poiblí a eagraíodh i mí Mheán Fómhair 2022, iarradh ar Oifig an Choimisinéara Teanga comhairle a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir leis na Meáin Ghaeilge reatha a bheadh incháilithe de bhun an tsainmhínithe thuas. De bhreis ar an sainmhíniú reachtúil, baineadh úsáid as gnáthchritéir thionscail eile chun go mbeadh bunús neamheisiach incháilitheachta ann:

- Caighdeán na Gaeilge
    - Mar gheall gur scríbhneoireacht ghairmiúil í tuairisceoireacht nuachta agus gur seirbhís ghairmiúil í an chraoltóireacht phoiblí, ní mór do mheáin a mhaíonn gur meáin Ghaeilge iad caighdeán ard Gaeilge a sholáthar agus a chothú. Is é is ciall le caighdeán ard Gaeilge sa chás seo Gaeilge nádúrtha a scríobhtar as an nua i nGaeilge nó a aistríonn aistritheoir gairmiúil (seachas córas meaisín-aistriúcháin), Gaeilge atá saor ó earráidí litrithe, gramadaí agus comhréire agus

a chuirtear i láthair ó bhéal, más cuí, de réir rithim agus fhoghraíocht inghlactha na Gaeilge.

- % d’ábhar foilsithe/craolta an mheáin/na seirbhíse i nGaeilge
- Struchtúr eagarthóireachta an mheáin/na seirbhíse
- Struchtúr corparáideach an mheáin/na seirbhíse
- Ábhar/seánraí an mheáin/na seirbhíse, mar shampla: Nuacht/Cúrsaí Reatha, Siamsaíocht, Spórt, Taisteal agus araile
- Faisnéis chiorclaíochta, sonraí úsáideoirí, taighde ar líon léitheoirí/éisteoirí/lucht féachana na meán/na seirbhísí

**Liosta (Eanáir 2026)**

Níl an liosta seo a leanas iomlán agus meastar go dtiocfaidh athruithe air de réir mar a thiocfaidh forbairt ar earnáil na Meán Gaeilge.

| **Meáin** | **Soláthróir(í)** |
|---|---|
| Seirbhísí Teilifíse: | TG4 |
| Seirbhísí Raidió: | RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Rí Rá |
| Preas | Comhar; Seachtain; An Timire; An Páipéar*; ExtraG Gach Seachtain*; Scéal* |
| Lasmuigh | OOH Gaeilge* |
| Fís Ar Éileamh | TG4 i.e. Bloc.ie & Molscéal.ie. Meoneile.ie; Tuairisc.ie, i.e. “Ar Fhaitíos Gur Chaill Tú É”* |
| Fuaim Ar Éileamh | Seachtain, i.e. “Podchraoladh Seachtain”*; Podchraoladh “How To Gael”*; Tuairisc.ie i.e “An Pod Gaeilge”*, “An Pod Spórt”* & “Paiste Cainte le Helen”* |
| Ardáin/Léirithe Digiteacha | Tuairisc.ie; Nós.ie; Liathroidi.ie*; An Páipéar*; ExtraG.ie*; Scéal.ie*, irishtimes.com/gaeilge/scéal* |
| Meáin Shóisialta | Ní ann dóibh |
| Pictiúrlanna | Ní ann dóibh |

*Meáin a bunaíodh ó feidhmíodh Alt 10A

Is eintiteas reachtúil neamhspleách é Teilifís na Gaeilge a chuireann an cainéal saor go haer, ***TG4***, ar fáil ar gach modh dáilithe teilifíse. Tá ábhar craolta Gaeilge an chainéil ar fáil ar líne (Seinnteoir TG4) agus ar na gnáthardáin líneacha teilifíse, Saorview ina measc.

Cuireann ***RTÉ Raidió na Gaeltachta*** seirbhís náisiúnta raidió trí Ghaeilge ar fáil ar líne agus ar an mbanda FM. Tá struchtúr sainiúil bainistíochta agus eagarthóireachta ag an tseirbhís laistigh de RTÉ ón mbliain 1972 i leith.

Tá sainseirbhís raidió trí Ghaeilge á cur ar fáil ag ***Raidió Rí-Rá*** ón mbliain 2008. Tá Raidió Rí-Rá faoi cheannas Raidió X Teoranta, le tacaíocht ó Chonradh na Gaeilge agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt, agus Meán.

Tá seirbhís raidió pobail/sainspéise trí Ghaeilge á cur ar fáil ag ***Raidió na Life*** ar líne agus ar an mbanda FM i gceantar saincheadúcháin Chathair Bhaile Átha Cliath ón mbliain 1993.

Tá an foilseachán seachtainiúil ***Seachtain*** á fhoilsiú ón mbliain 2013 i leith. Tá struchtúr sainiúil bainistíochta agus eagarthóireachta ag an bhfoilseachán laistigh den mhórghrúpa

idirnáisiúnta meán Mediahuis. Déantar dáileadh ar ***Seachtain*** leis an nuachtán, *Irish Independent*, gach Dé Céadaoin. Foilsíonn Mediahuis ábhar meán in 8 dteanga ar ardáin éagsúla ar fud na hEorpa. Tá podchraoladh ***Seachtain*** anois le cloisteáil gach seachtain.

Tá struchtúir shainiúla bhainistíochta agus eagarthóireachta ag na hardáin ar líne: ***Tuairisc.ie, nós.ie, meoneile.ie***. Tá struchtúir shainiúla bhainistíochta agus eagarthóireachta ag na seirbhísí ***Molscéal.ie*** *&* ***Bloc.tg4.ie*** laistigh de ***TG4***. Cuireann ***Tuairisc.ie*** ábhar éagsúil ar fáil i bhfoirm físeáin ar éileamh agus podchraolta. Tá podchraoladh ag ***Seachtain*** freisin.

Is foilseacháin/tréimhseacháin chlóite iad ***Comhar, Feasta, Seachtain, An Timire*** agus foilsíonn ***Comhar*** (https://comhar.ie/) agus ***Seachtain*** (https://www.independent.ie/seachtain/) ábhar ó eagráin chlóite ar líne. Foilsítear ***ExtraG Gach Seachtain*** mar fhorlíonadh leis an Irish Daily Mail gach Aoine. Ar an Aoine freisin a foilsítear ***An Páipéar***. Tá ***Scéal*** á fhoilsiú gach Dé Máirt faoi úinéireacht an Irish Times. Tugann an podchraoladh ***How to Gael*** léargas dátheangach ar chúrsaí reatha agus cultúr na linne.

oOo

Oifig an Choimisinéara Teanga
**Eanáir 2026**

**Irish Language Media**

Amongst the provisions of the Official Languages (Amendment) Act 2021, there is a provision which places new statutory obligations on public bodies in relation to general communications which engage with the public in the official languages of the State. This provision – section 10A. – shall come into effect from 10th October, 2022.

> *Official Languages (Amendment) Act 2021*
> **10A.** (1) A public body shall ensure that— (a) at least 20 per cent of any advertising placed by the body in any year shall be in the Irish language, and (b) at least 5 per cent of any monies spent on advertising by the body in any year shall be in the Irish language through Irish language media.
> (2) In this section— 'advertising' means— (a) any form of commercial communication with the aim or direct or indirect effect of promoting a product or service of the public body concerned, and (b) any form of communication, to the public, in respect of—
> (i) the recruitment of staff,
> (ii) legislative or policy initiatives,
> (iii) the purchase or sale of land or assets,
> (iv) the provision of services, or
> (v) public consultation;
> "Irish language media" means any media where 50 per cent or more of the content of that media is through the Irish language.

**Expenditure on Irish Language Media**

At least 5% of each public body's annual advertising budget shall be spent on Irish language advertising and placed on Irish language media on foot of section 10A. (1)(b) in the amended Act. The following statutory definition is also provided in respect of Irish Language Media: *'"Irish language media" means any media where 50 per cent or more of the content of that media is through the Irish language.'*

**Advice**

Section 21 (e) of the Official Languages Act 2003 prescribes it as a function of An Coimisinéir Teanga: *'to provide, as he or she considers appropriate, advice or other assistance to public bodies regarding their obligations under this Act.'*

During the consultation sessions with public bodies which were held in September 2022, Oifig an Choimisinéara Teanga was asked to provide advice to public bodies in respect of current Irish Language Media which could qualify under the definition above. In addition to the statutory definition, common industry criteria were used to provide a non-exclusive basis for eligibility:

- Quality of Irish used
  - As news reporting is professional writing and public broadcasting is a professional service, media that claim to be Irish language media must deliver and maintain a high standard of Irish. A high standard of Irish in this case means natural Irish newly composed or translated by a professional translator (rather than by a machine translation system), that is free of spelling, grammar and syntax errors and is presented orally, if appropriate, according to the accepted rhythm and pronunciation of the Irish language.
- % of published/broadcast content of the media/service in the Irish language
- Editorial structure of the media/service
- Corporate structure of the media/service
- Content/genres of the media/service, for example: News/Current Affairs, Entertainment, Sport, Travel etc
- Circulation information, user data, media/service audience research

**List (January 2026)**

The following list is non-exhaustive and it is expected to change as the Irish Language Media Sector evolves.

| **Media** | **Provider(s)** |
|---|---|
| Television Services: | TG4 |
| Radio Services: | RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Rí Rá |
| Press | Comhar; Seachtain; An Timire; An Páipéar*; ExtraG Gach Seachtain*; Scéal* |
| Out of Home | OOH Gaeilge* |
| Video on Demand | TG4, i.e. Bloc.ie & Molscéal.ie<br>Meoneile.ie; Tuairisc.ie, i.e. “Ar Fhaitíos Gur Chaill Tú É” |
| Audio on Demand | Seachtain, i.e. Podchraoladh Seachtain*; How To Gael*; Tuairisc.ie, i.e “An Pod Gaeilge”*, “An Pod Spórt”* & “Paiste Cainte le Helen”* |
| Digital Platforms/Displays | Tuairisc.ie; Nós.ie; Liathroidi.ie*; An Páipéar*; ExtraG.ie*; Scéal.ie*, irishtimes.com/gaeilge/scéal* |
| Social Media | Ní ann dóibh |
| Cinemas | Ní ann dóibh |

*Media established since commencement of Section 10A

Teilifís na Gaeilge is an independent statutory entity which provides the free-to-air channel, ***TG4***, on every television distribution platform. The channel’s Irish language broadcast content is available online (Seinnteoir TG4) and on the usual linear television platforms, including Saorview.

***RTÉ Raidió na Gaeltachta*** provides a national radio service through the Irish language online and on the FM band. The service has a defined management and editorial structure within RTÉ since 1972.

***Raidió Rí-Rá*** has provided a specialised radio service through the Irish language since 2008. Raidió Rí-Rá is controlled by Raidió X Teoranta, with support from Conradh na Gaeilge and from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

***Raidió na Life*** has provided a community of interest radio service online and on the FM band in the Dublin City franchise area since 1993.

The weekly publication ***Seachtain*** is publishing since 2013. The publication has a defined management and editorial structure with the international media group Mediahuis. ***Seachtain*** is distributed with the newspaper, Irish Independent, every Wednesday. ***Podchraoladh Seachtain*** is now available weekly. Mediahuis publishes media content in 8 languages on various platforms across Europe.

The online platforms ***Tuairisc.ie, nós.ie, meoneile.ie*** have defined management and editorial structures. The online services ***Molscéal.ie*** *&* ***Bloc.tg4.ie*** have defined management and editorial structures within ***TG4***. ***Tuairisc.ie*** also provides audiovisual content via VOD and podcasts. Podcast ***How to Gael*** offers listeners a bilingual blend of current affairs and pop culture.

***Comhar, Feasta, Seachtain, An Timire*** are print publications/periodicals and ***Comhar*** (https://comhar.ie/), ***Seachtain*** (https://www.independent.ie/seachtain/), ***An Páipéar*** (www.anpaipear.ie), publish content from print editions online. ***ExtraG Gach Seachtain*** publishes as a supplement in the Irish Daily Mail each Friday. ***Scéal*** is a weekly publication under the ownership of the Irish Times and available each Tuesday.

oOo

Oifig an Choimisinéara Teanga
**January 2026**